# Áisitheoir Ealaíon do Ghaeltacht Chonnacht agus Co. na Mí

Tá **Ealaín (na Gaeltachta) Teo**. (fochomhlacht de chuid Údarás na Gaeltachta), ag tairiscint **post mar Áisitheoir Ealaíon i nGaeltacht Chonnacht agus Co. na Mí.**

Is é misean Ealaín na Gaeltachta ná forbairt na n-ealaíon dúchasacha agus comhaimseartha sa Ghaeltacht agus is de réir Straitéis Ealaín na Gaeltachta 2023-2027 atáimid ag feidhmiú faoi láthair. Beidh sé de phríomhdhualgas ar an té a cheapfar an chlár oibre i dtaca le seo a chur i bhfeidhm i nGaeltacht Chonnacht agus Co. na Mí, mar aon le tacú le príomh-obair na heagraíochta.

## Dualgaisí an Phoist:

- Tógáil ar an gclár oibre ealaíon atá i bhfeidhm cheana féin sa réigiún agus straitéis Ealaín na Gaeltachta a fheidhmiú;
- Tacaíocht, comhairle agus spreagadh a thabhairt d'ealaíontóirí, eagraíochtaí, tionscadail agus do ghníomhachtaí ealaíon sa réigiún;
- Comhoibriú leis an bhfoireann chun scéimeanna deontais a riaradh mar is cuí;
- Comhoibriú le foireann Cuisle chun na healaíona don óige a chuir chun cinn sa réigiún;
- Tacú le clár oiliúna na heagraíochta a chur i bhfeidhm;
- Tacú le clár meastóireachta agus monatóireachta a fheidhmiú agus ardchaighdeán a bhaint amach;
- Tacú le forbairt agus cothabháil leanúnach a dhéanamh ar chursaí cumarsáide Ealaín na Gaeltachta;
- Oibriú i gcomhar le foireann réigiúnach an Údaráis i bpleanáil d'fhorbairt na n-ealaíon sa réigiún;

- Deá-chaidreamh a chothú leis na heagraíochtaí Stáit ábhartha, eagraíochtaí deonacha agus a gcuid foirne sa réigiún;

- Deiseanna a aithint chun foinsí breise airgid a aimsiú do thionscadail ealaíon sa réigiún agus moltaí a dhéanamh ina leith;

- Tús áite a thabhairt i gcónaí don Ghaeilge agus d'fhorbairt na n-ealaíon teanga bhunaithe;

- Páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil leanúnach;

- Freagrachtaí eile a chuirfidh an bhainistíocht ar an Áisitheoir ó am go chéile.

## Riachtanais don phost:

Is ardchumas eagrucháin agus cumarsáide mar aon le tuiscint leathan earnála atá ag teastáil don phost seo. Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine le cáilíochtaí ábhartha tríú leibhéal, mar aon le saineolas sna healaíona agus le taithí i bhforbairt agus i gcur chun cinn na n-ealaíon.

- Scileanna láidre eagrúcháin, agus bainistiú ama.
- Sárscileanna cumarsáide agus idirphearsanta.
- Taithí mhaith ar chúrsaí riaracháin agus ríomhaireachta (ard-tuiscint ar Excel, MS Office agus cumas córais nua a fhoghlaim go tapa).
- Cumas gaol maith a chruthú le comhghleacaithe agus páirtithe seachtracha.
- Cumas feidhmiú go muiníneach as do stuaim féin, agus le foireann go héifeachtach.
- Saineolas i gcúrsaí riaracháin agus forbairt na n-ealaíon.
- Saineolas ar chomhthéacs agus na polasaithe do na healaíona in Éirinn.
- Saineolas i láimhseáil agus ag obair sna meáin dhigiteacha.
- Tuiscint ar chuntasaíocht / leabharchoimeád.
- Líofacht Gaeilge labhartha agus cruinneas Gaeilge scríofa.
- Ceadúnas glan tiomána.

## Faoin bpost:

Is fostóir comhionanna deiseanna é Ealaín na Gaeltachta agus is mór againn an éagsúlacht san eagraíocht. Ní dhéanann muid idirdhealú ar bhonn cine, reiligiún, dath, bunús eitneach, inscne, claonadh gnéis, aois, stádas pósta nó stádas míchumais. Tá Ealaín na Gaeltachta sínithe leis an bhfeachtas náisiúnta Sábháilte le Cruthú, agus is de réir sin a bhíonn an eagraíocht ag feidhmiú.

Beidh an té a cheapfar lonnaithe in oifig Údarás na Gaeltachta sa réigiún, agus beidh rogha ann cuid don obair a dhéanamh ón mbaile. Beidh roinnt áirithe taistil laistigh agus lasmuigh den réigiún i gceist. De bharr nádúr an phoist, beidh gá ó am go chéile le hobair thráthnóna agus dheireadh seachtaine.

Is post lánaimseartha é seo, ar chonradh seasta (ag brath ar mhaoiniú leordhóthanach a bheith ar fáil). Íocfar tuarastal bunaithe ar ghrád a 3 na seirbhíse poiblí (Ardoifigeach Feidhmiúcháin), le bunráta €56,556.

Beidh deis ag an té a cheapfar bheith pairteach i scéim pinsin na heagraíochta.

## Faoin bpróisis ceapacháin:

Déanfar gearrliostú ar iarratais de réir taithí agus cáilíochtaí agus cuirfear agallamh, bunaithe ar inniúlachtaí, ar na hiarrthóirí ar an ngearrliosta. Beidh ar iarrthóirí bheith ar fáil le haghaidh agallamh ar an 2/3 Nollaig agus beifear ag súil go gcuirfidh an té a cheapfar tús lena gcuid oibre ar an 6 Eanair 2025.

Beidh painéal d'iarrthóirí rathúla a chur le chéile mar thoradh ar na hagallaimh. Beidh an painéal seo i bhfeidhm ar feadh sé mhí agus féadfar, laistigh den am sin, iarrthóirí - a fhaigheann áit ar an bpainéal agus a chomhlíonann coinníollacha an phróisis roghnúcháin - a mheas le haghaidh folúntas sa phost.

Seol iarratas mar aon le CV, chuig:

*An Riarthóir, Ealaín na Gaeltachta Teo., Údarás na Gaeltachta, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall* roimh **4.00 i.n. ar an nDéardaoin, 14 Samhain, 2024.**
Teil.: (074) 95 60100   R-phost: ma.nifhearraigh@udaras.ie